CEACHT A CEATHAIR:Rang 3-6

Nótaí don Mhúinteoir

SLEAMHNÁN 1:

A Mhúinteoir, a chara,

*Fearaimid fáilte romhat chuig an gceathrú ceacht (an ceacht deiridh) atá ar fáil mar chuid de Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, 2021.**

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh oifigiúil Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. I gclár an Rialtais do chúnamh forbartha thar lear, dírítear ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhionannas inscne, ar an ngá le cabhair dhaonnúil a laghdú, ar thacú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, agus ar an rialachas a neartú i mbreis is 130 tír. Cuireadh Gradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, ar bun in 2005 chun daltaí bunscoile a spreagadh le foghlaim faoin gcaoi a mbíonn Éire, trí chlár Chúnamh Éireann, ag obair ar na fadhbanna sin i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach), rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus pobail éagsúla.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil sé beartaithe agat páirt a ghlacadh sna Gradaim i mbliana. B'fhéidir gur úsáid tú cuid d'iris Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, 2021, nó cuid de cheachtanna 1-3 nó iad go léir, agus tá súil againn gur bhain do rang taitneamh agus tairbhe as na gníomhaíochtaí agus na scéalta ann.

Tá gach ceacht deartha le haghaidh thart ar 45 nóiméad d'am teagmhála leis an rang. Tá nasc acu leis an gcuraclam (féach Sleamhnán 2) agus tá siad réidh le húsáid sa seomra ranga. Níl mórán ullmhúcháin le déanamh agat féin ar chor ar bith (féach Sleamhnán 3). Mar sin féin, aithnímid go bhfuil aithne mhaith agat, mar mhúinteoir, ar do chuid daltaí. Mar gheall air sin, is féidir an t-ábhar go léir ar na sleamhnáin a athrú le gur féidir leat athruithe a dhéanamh ar an ábhar ceachta lena chur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach freisin na Treoirlínte maidir le Dea-chleachtas a íoslódáil. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc (https://www.ourworldirishaidawards.ie/lesson-plans-2020-2021/).

*Sa cheacht deiridh seo, tugtar cuireadh duit a bheith níos rannpháirtí agus saothar a chur isteach lena fhoilsiú inár n-irisí úrnua **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**, irisí ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí. Beidh trí heagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**, an iris ar líne, á bhfoilsiú idir Feabhra agus Bealtaine 2021.*

Níl le déanamh agat ach na nótaí don mhúinteoir a léamh (tá na nótaí le fáil ag bun gach sleamhnáin sa ghnáth-amharc) agus dul i dtaithí ar na beochaintí (leis an mód 'cur i láthair') roimh an rang. Ag brath ar an leagan de PowerPoint atá in úsáid agat, b'fhéidir go mbeifeá in ann féachaint ar na nótaí agus an mód 'cur i láthair' in úsáid agat. Ná bí buartha mura bhfuil – is féidir pdf de na nótaí sleamhnáin a oscailt agus a phriontáil mar chabhair duit sa rang (https://www.ourworldirishaidawards.ie/lesson-plans-2020-2021/). Tabhair faoi deara: is duit féin an téacs i gcló iodálach sna nótaí, agus níor cheart é a roinnt leis na daltaí.

**Má tá comhghleacaithe leat ag teagasc i rang 3-4 nó i rang 5-6, is féidir leat a rá leo go bhfuil ceachtanna atá nasctha leis an gcuraclam ranga le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie*

Bíonn ionadh an domhain orainn gach aon bhliain nuair a fheicimid cé chomh cruthaitheach agus nuálaíoch a bhíonn na daltaí agus na múinteoirí ar fud na tíre a ghlacann páirt sna Gradaim. Táimid

ag súil go mór le bhur gcuid
iarrachtaí a fheiceáil i mbliana ar an téama 'Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna'. Ná déan dearmad bhur n-aistear Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, 2021, a chomhroinnt linn ***@Irish_Aid*** */* ***@ourworldawards*** *ar na meáin shóisialta leis an haischlib* ***#ourworldawards****.*

Le gach dea-ghuí duit féin agus do na daltaí

SLEAMHNÁN 2: Naisc Churaclaim (nasc ar bith)

SLEAMHNÁN 3: Ábhar an cheachta (folamh)

SLEAMHNÁN 4: SPRIOCANNA FOGHLAMA

Nótaí don Mhúinteoir: Spriocanna foghlama *(2 bheochan chomhleanúnacha ag * Cliceáil)*

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat na spriocanna foghlama ar an sleamhnán seo a chur in iúl ag tús an cheachta.

**** Cliceáil** chun na trí sprioc foghlama don cheacht seo a bheochan, ceann i ndiaidh a chéile, agus an téacs á léamh os ard agat.*

Nóta maidir le híogaireacht:

Mar mhúinteoir, tá aithne mhaith agat ar do chuid daltaí. Tá lánchead agat athruithe a dhéanamh ar na spriocanna foghlama agus ar na gníomhaíochtaí sa cheacht seo lena gcur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat.

Féach na Treoirlínte maidir le Dea-chleachtas. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil sa roinn pleananna ceachta ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

---

SLEAMHNÁN 5: DÚSHLÁN NÓIMÉID

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 1 / Sleamhnán 1 de 2 (Dúshlán nóiméid) *(gan bheochan)*

Seinn an físeán *Is iad na Spriocanna an Réiteach* (1.47 nóiméad).

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá an físeán a chasadh faoi dhó.

Meabhraigh don rang go dtugtar Cúnamh Éireann ar chlár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear.

Bíonn Cúnamh Éireann ag obair as lámha a chéile le rialtais eile, le grúpaí éagsúla (eagraíochtaí neamhrialtasacha nó carthanais), agus le pobail i dtíortha ar fud an domhain chun iarracht a dhéanamh na Spriocanna Domhanda a bhaint amach. Déantar é sin chun go mbeidh saol níos fearr ag gach duine i ngach áit, anois agus amach anseo.

SLEAMHNÁN 6: DÚSHLÁN NÓIMÉID

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 1 / Sleamhnán 2 de 2 (Dúshlán nóiméid) *(gan bheochan)*

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar a rannpháirtíocht in iris Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan agus/nó i bpleananna ceachta 1, 2 agus 3 (ar fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie).

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá na rudaí seo a leanas a rá leo chun iad a spreagadh:

- Bhí Ceacht 1 dírithe ar na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe
- Bhain Ceacht 2 leis an obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann (clár oifigiúil na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear) i gcomhpháirtíocht leo seo a leanas
- Rialtais, gníomhaireachtaí idirnáisiúnta (amhail Clár Domhanda Bia na Náisiún Aontaithe), eagraíochtaí neamhrialtasacha (nó carthanais), agus pobail.
- I gCeacht 3, d'fhoghlaim an rang faoi dhídeanaithe agus, go háirithe, faoi thaithí Mamcy Karina, dídeanaí as an tSúdáin Theas.

NB: *Ná déan dearmad gur féidir leat an sleamhnán a chur in eagar agus ceann amháin nó níos mó de na dúshláin a bhaint amach mura ndearna do rang na 3 cheacht go léir de chuid na nGradam. Is féidir an treoir a chur in oiriúint má cheapann tú go mbeidh níos mó ná aon nóiméad amháin ag teastáil ó na daltaí.*

Léigh na dúshláin ar an sleamhnán amach os ard don rang.

Mínigh don rang go mbeidh nóiméad amháin acu leis an dúshlán ar mhaith leo a dhéanamh a roghnú.

Cuir an clog ar siúl. Ag brath ar an rang, d'fhéadfá clog ar líne a thaispeáint ar an gclár.

Roinn an rang ina mbeirteanna.

Mínigh go mbeidh nóiméad amháin ag gach duine a dhúshlán féin a dhéanamh. Má éiríonn le duine a dhúshlán a chríochnú sula mbíonn an nóiméad istigh, is féidir leis tabhairt faoin dara dúshlán.

Iarr ar gach beirt daltaí an chéad duine a shocrú.

Mínigh gur cheart dóibh tosú ar an dúshlán chomh luath is a chuirfidh tú an clog ar siúl.

Cuir an clog ar siúl.

Abair leis an dara duine a bheith réidh.

Cuir an clog ar siúl.

Iarr ar na daltaí cén chaoi ar éirigh leo.

- Céard é an dúshlán ab éasca? Cén fáth?
- Céard é an dúshlán ba dheacra? Cén fáth?

SLEAMHNÁN 7: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 1 de 7 (Smaointe a ghiniúint)

Mínigh don rang go mbeidh páirt á glacadh acu i nGradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan. Mar chuid de sin, cruthófar ábhar don iris a bhaineann leo seo a leanas:

1. an obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann in aon tír amháin nó níos mó de na tíortha i gceist
2. ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe
3. Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna (téama Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, in 2021)

4 meascán díobh sin (mar shampla, d'fhéadfá díriú ar obair Chúnamh Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gClár Domhanda Bia chun tacú le dídeanaithe in Uganda).

Mínigh go gcuirfear an obair sin go léir isteach lena foilsiú i gceann de na heagráin de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda**, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí.

Mínigh don rang go mbeidh meabhairmhapa á chruthú acu chun cabhrú leo dhá cheist a fhreagairt:

(1) Céard leis a mbainfidh mo shaothar don iris *Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*? Is é sin, céard air a ndíreoidh mé?

Ag brath ar an rang, b'fhéidir gur mhaith leat na 4 rogha a bhfuil achoimre orthu thuas a chur i láthair arís.

(2) Cén chuma a bheidh ar mo shaothar don iris? Is é sin, cén fhormáid a bheidh ar mo shaothar?

Chun cabhrú leis na daltaí smaoineamh ar an dara ceist seo, iarr orthu smaoineamh ar an bhfaisnéis agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn in irisí a chruthaítear do leanaí ar chomhaois leo.

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá cóipeanna de theimpléad an mheabhairmhapa ar Shleamhnán 7 a scaipeadh, nó d'fhéadfá iarraidh ar dhaltaí a meabhairmhapa féin a tharraingt ar phíosa páipéir.

Tabhair cúpla nóiméad do na daltaí a gcuid smaointe a ghiniúint, ina n-aonar, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

Ag brath ar an rang, d'fhéadfá gur mhaith leat roinnt aiseolais a bhailiú ag an bpointe seo.

SLEAMHNÁN 8: ÁBHAR A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 2 de 7 (Ábhar a ghiniúint: Bileog oibre do dhaltaí) (gan bheochan)

SLEAMHNÁN 9: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 3 de 7 (Smaointe a ghiniúint) ***(1 bheochan amháin ar *Cliceáil)***

Mínigh go mbeidh siad ag féachaint ar an iris do dhaltaí de chuid Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, ar feadh cúpla nóiméad chun smaointe a fháil ar ábhar agus ar fhormáid a saothair. Foilsítear an iris seo do dhaltaí bunscoile gach bliain chun tacú leis an bhfoghlaim faoi na Spriocanna Domhanda agus faoin obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann.

Tá an iris do dhaltaí de chuid Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, le fáil anseo: https://www.ourworldirishaidawards.ie/pupils-magazine/

Spreag na daltaí chun leanúint dá meabhairmhapa a líonadh agus iad ag dul tríd an iris.

Mínigh gur féidir leo cruthanna agus línte nó saigheada idir rudaí a chur isteach de réir mar is gá.

Cuir i gcuimhne do dhaltaí gur irisí ar líne iad *Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*, rud a fhágann gur irisí idirghníomhacha iad agus gur féidir físeáin nó fuaimeanna a chur isteach. Mar sin, is féidir réimse leathan formáidí a úsáid.

SLEAMHNÁN 10: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 4 de 7 (Smaointe a ghiniúint) ***(gan bheochan)***

Mínigh don rang go mb'fhéidir go gcabhródh sé leis an rang cinneadh a dhéanamh ar ábhar agus ar fhormáid a saothair dá bhféachfaidís ar shamplaí den obair a chuir daltaí bunscoile isteach don chéad eagrán d'iris ar líne *Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*.

Mínigh go mbaineann an dá shampla ar an sleamhnán le dhá scoil éagsúla. Sa chéad sampla ar thaobh na láimhe deise, chruthaigh rang 3-4 i scoil i Ros Comáin féilire ar a bhfuil Sprioc Dhomhanda éagsúil le haghaidh gach míosa. Is é atá sa dara sampla leathanach ó leabhrán a cuireadh isteach agus samplaí ann de na rudaí éagsúla a rinne daltaí ina mbeirteanna mar fhreagairt ar na gníomhaíochtaí san iris do dhaltaí de chuid Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan (le fáil ar https://www.ourworldirishaidawards.ie/pupils-magazine/).

SLEAMHNÁN 11: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 5 de 7 (Smaointe a ghiniúint) ***(gan bheochan)***

Léigh an ráiteas ón múinteoir a chuir isteach an grianghraf seo de shaothair a cuid daltaí, spreagtha ag iris Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan do dhaltaí (le fáil ar https://www.ourworldirishaidawards.ie/pupils-magazine/) agus ag an ngníomhaíocht fuinneoige daite i gCeacht 1 (le fáil ar https://www.ourworldirishaidawards.ie/lesson-plans-2020-2021/).

SLEAMHNÁN 12: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 6 de 7 (Smaointe a ghiniúint) ***(gan bheochan)***

Mínigh gur le daltaí a rinne pictiúir de na híocóin le haghaidh 8 gcinn de na Spriocanna Domhanda an sampla ar thaobh na láimhe deise.

Sa dara sampla, ar thaobh na láimhe clé, fuair daltaí inspioráid ó “Comhpháirtíocht ar son na Spriocanna”, téama na nGradam in 2021, agus rinne siad liricí *A Million Dreams* ón scannán *The Greatest Showman* a athscríobh.

Tá tuilleadh samplaí de shaothair le daltaí bunscoile in ***Gníomhaithe Spriocanna Domhanda***, an iris ar line, le fáil ar **https://www.ourworldirishaidawards.ie/global-goal-getters/**

SLEAMHNÁN 13: SMAOINTE A GHINIÚINT

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 2 / Sleamhnán 7 de 7 (Smaointe a ghiniúint) *(gan bheochan)*

Iarr ar na daltaí a smaointe a ghlaoch amach le haghaidh a gcuid saothair (díriú ar an ábhar), agus breac síos a bhfreagraí faoi na 3 leid sa tábla ar chlé.

*[**NB**: is gá an gnáth-amharc seachas an mód ‘cur i láthair’ a úsáid chun téacs a chur sa tábla]*

Iarr ar na daltaí a smaointe a ghlaoch amach le haghaidh formáidí féideartha a saothar, agus breac síos a bhfreagraí sa tábla ar thaobh na láimhe deise den sleamhnán.

Ag brath ar an rang, b’fhéidir go mbeadh sé úsáideach cuid de na formáidí seo a thabhairt mar leideanna:

- *Crosfhocail nó cuardach focal*
- *Tráth na gceist*
- *Grianghraif*
- *Agallaimh*
- *Péintéireacht nó líníocht*
- *Gearrscéalta*
- *Dráma nó taibhléiriú de shaghas eile*
- *Amhrán nó rap*
- *Dán*
- *Oideas*
- *Grafaic faisnéise*
- *Torthaí suirbhé*
- *Póstaeir*
- *Fógráin srl*

SLEAMHNÁN 14: GNÍOMHAITHE SPRIOCANNA DOMHANDA

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 3 / Sleamhnán 2 de 2 (Gníomhaithe Spriocanna Domhanda)

Ag an bpointe seo, ba cheart duit an liosta topaicí/formáidí ar Shleamhnán 13 a úsáid le cinneadh cibé acu ar mhaith leat:

- *ligean do dhaltaí aonair topaic agus formáid a saothair féin a roghnú*
- *vóta a eagrú le cinneadh a dhéanamh ar na topaicí/formáidí is fearr leis an rang agus na topaicí/formáidí roghnaithe a dháileadh ar dhaltaí aonair nó ar ghrúpaí beaga*

- *aon topaic amháin agus aon fhormáid amháin a roghnú tú féin, agus saothar ranga a chur isteach*

Más mian leat féin nó leis na daltaí iris a chruthú i ngrúpaí beaga nó mar shaothar ranga, tá teimpléad d'iris atá idir spraiúil agus idirghníomhach againn agus tá sé ar fáil ar https://www.ourworldirishaidawards.ie/deadline-extension/

Ná déan dearmad: is féidir saothar a chur isteach as seo go dtí mí Aibreáin d'eagráin 2 agus 3 de Gníomhaithe Spriocanna Domhanda – mar sin tá neart ama agaibh tús a chur leis an obair!

Líon isteach Foirm Iontrála (is féidir an fhoirm a íoslódáil ónár láithreán gréasáin) agus seol isteach an saothar ar ríomhphost chuig ourworld@realnation.ie nó sa phost chuig:

Gradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan
Real Nation
24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7
D07 W620

Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an oifig tionscadail nó glaoch orainn má bhíonn ceist ar bith agat faoi Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, nó faoi shaothair a chur isteach:
***Ríomhphost:** ourworld@realnation.ie / **Fón:** 01 522 4834H*

Ba bhreá linn scéala a fháil uait ar conas atá ag éirí leat leis na hábhair churaclaim agus leis na saothair a bheidh á gcur isteach do na Gradaim. Is féidir bhur n-aistear Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan, 2021, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid** / **@ourworldawards** *ar na meáin shóisialta leis an haischlib* **#ourworldawards**

SLEAMHNÁN 15: GNÍOMHAITHE SPRIOCANNA DOMHANDA

Nótaí don Mhúinteoir: Gníomhaíocht 3 / Sleamhnán 2 de 2 (Gníomhaithe Spriocanna Domhanda) (*4 bheochan* * Cliceáil – 3 cinn i ndiaidh a chéile ar an dara cliceáil)

Mínigh do na daltaí go mbeidh machnamh á dhéanamh acu ar an méid a d'fhoghlaim siad sa cheacht seo.

Abair leis na daltaí a shamhlú go bhfuil siad ag imirt cispheile. Faoi mar a léirítear ar an scáileán na rudaí go léir a d'fhoghlaim siad sa cheacht seo, ba cheart do na daltaí na rudaí seo a mhímeáil:

- An ciseán buaiteach a fháil sa chluiche – má tá siad sásta gur fhoghlaim siad na rudaí a bhí le foghlaim acu

**** Cliceáil** chun beochan a sheinm den liathróid ag dul isteach sa chiseán lena bhfuil i gceist agat a léiriú*

- An liathróid a dhruibleáil – má tá tacaíocht bhreise ó chomhpháirtí (daltaí nó múinteoir) ag teastáil le bheith ábalta a rá gur éirigh leo gach rud a fhoghlaim

**** Cliceáil*** *chun beochan a sheinm don 2 sprioc foghlama don cheacht seo, ceann ar cheann, agus léigh amach os ard iad nuair a thaispeántar iad.*

Féach cé na daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Tréaslaigh an rang as an obair iontach atá déanta acu, agus abair leo gur Gníomhaithe Spriocanna Domhanda den chéad scoth iad.

Ná déan dearmad féachaint ar **www.ourworldirishaidawards.ie** *chun faisnéis a fháil ar shaothar na ndaltaí a fhoilsiú in* **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda***, ár n-irisí ar líne!*